2024/2725

25.10.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2725 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Deireadh Fómhair 2024

lena ndéantar allmhairí trealaimh rochtana shoghluaiste de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a chur faoi réir a gcláraithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 24(5) de,

Tar éis na Ballstáit a chur ar an eolas,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Márta 2024, d'fhógair an Coimisiún Eorpach, trí fhógra a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]), gur tionscnaíodh imeachtaí frithdhumpála maidir le hallmhairí trealaimh rochtana shoghluaiste ('MAE') san Aontas de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne. Tionscnaíodh na himeachtaí seo tar éis do 'an Chomhghuaillíocht um Chothrom Iomaíochta a Athbhunú in Earnáil Trealaimh Rochtana Shoghluaiste an Aontais' gearán a chur isteach an 13 Feabhra 2024 thar ceann táirgeoirí a bhfuil níos mó ná 25 % de tháirgeacht iomlán MAE an Aontais acu le chéile.

(2) Go leithleach, an 13 Samhain 2023, d'fhógair an Coimisiún, trí fhógra a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([3]), gur tionscnaíodh imeachtaí frithdhumpála maidir le hallmhairí MAE san Aontas de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne. An 13 Iúil 2024, d'fhorchuir an Coimisiún dleachtanna frithdhumpála sealadacha ar allmhairí MAE de thionscnamh na Síne ([4]).

1. TÁIRGE ATÁ FAOI RÉIR A CHLÁRAITHE

(3) Is é an táirge atá faoi réir a chláraithe ('an táirge lena mbaineann') trealamh rochtana soghluaiste atá ceaptha chun daoine a ardú, é féinghluaiste, ar 6 mhéadar nó níos mó an airde oibre uasta atá aige, agus codanna de atá réamhchóimeáilte nó réidh le cóimeáil, gan comhpháirteanna aonair a áireamh nuair a chuirtear i láthair ar leithligh iad, agus gan trealamh ardaithe daoine atá suite ar fheithiclí faoi Chaibidlí 86 agus 87 den Chóras Comhchuibhithe a áireamh.

(4) Aicmítear an táirge lena mbaineann faoi láthair, i gcás MAE, faoi chóid AC ex 8427 10 10, ex 8427 20 19, ex 8428 90 90 agus, i gcás chodanna MAE atá réamhchóimeáilte nó réidh le cóimeáil, faoi 8431 20 00 agus ex 8431 39 00 (cóid TARIC: 8427 10 10 10, 8427 20 19 10, 8428 90 90 20, 8431 20 00 60 agus 8431 39 00 10). Is ar mhaithe le faisnéis amháin a thugtar na cóid AC agus TARIC gan dochar d'aon athrú a dhéanfaí ar an aicmiú taraife ina dhiaidh sin.

2. CLÁRÚCHÁN

(5) De bhun Airteagal 24(5) den bhun-Rialachán, féadfar allmhairí an táirge lena mbaineann a chur faoi réir a gcláraithe chun a áirithiú, dá mba rud é go bhforchuirfí dleachtanna frithchúitimh mar thoradh ar thorthaí an imscrúdaithe, go bhféadfar na dleachtanna sin, más rud é go gcomhlíontar na coinníollacha is gá, a thobhach go cúlghabhálach i leith na n-allmhairí cláraithe i gcomhréir leis na forálacha dlí is infheidhme.

(6) Chinn an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, allmhairí an táirge lena mbaineann a chur faoi réir a gcláraithe faoi Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán. Na coinníollacha le haghaidh bhailiú cúlghabhálach na ndleachtanna, más ann dóibh, déanfar measúnú orthu sa Rialachán lena bhforchuirfear dleachtanna cinntitheacha.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 55, ELI: https://data.europa.eu/eli/reg/2016/1037/oj.
([2]) IO C, C/2024/2362, 27.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2362/oj.
([3]) IO C, C/2023/5264, 13.11.2023, ELI: https://data.europa.eu/eli/C/2023/783/oj.
([4]) IO L, 2024/1915, 12.7.2024, ELI: https://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1915/oj.

(7) Aon dliteanas a bheadh ann amach anseo, is as torthaí an imscrúdaithe a thiocfadh sé.

(8) Ag an gcéim seo san imscrúdú, ní féidir meastachán cruinn a dhéanamh ar mhéid an fhóirdheontais go fóill. Níl meastachán cruinn sa ghearán ar mhéid an fhóirdheonaithe, ar cheart é a úsáid de ghnáth mar bhonn chun na dleachtanna frithchúitimh a shuí. Tá meastachán sa ghearán ar an leibhéal díothaithe díobhála 64.1 % i gcás an táirge lena mbaineann idir mí Aibreáin 2022 agus mí an Mhárta 2023. I gcomhréir le hAirteagal 15(1), an ceathrú mír, den bhun-Rialachán, ní bheadh an leibhéal díothaithe díobhála ábhartha ach amháin i gcás ina mbeadh dleacht bunaithe ar mhéid na bhfóirdheontas in-fhrithchúitithe níos airde agus ina gcinnfidh an Coimisiún go soiléir nach chun leasa an Aontais é an dleacht níos airde a fhorchur.

3. **PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA**

(9) Aon sonraí pearsanta a bhailítear i gcomhthéacs an chlárúcháin seo, déanfar iad a láimhseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leis seo, ordaítear do na húdaráis chustaim, faoi Airteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2016/1037, na céimeanna iomchuí a ghlacadh chun allmhairí trealaimh rochtana shoghluaiste atá ceaptha chun daoine a ardú, é féinghluaiste, ar 6 mhéadar nó níos mó an airde oibre uasta atá aige, agus codanna de atá réamhchóimeáilte nó réidh le cóimeáil, gan comhpháirteanna aonair a áireamh nuair a chuirtear i láthair ar leithligh iad, agus gan trealamh ardaithe daoine atá suite ar fheithiclí faoi Chaibidlí 86 agus 87 den Chóras Comhchuibhithe san Aontas a chlárú, a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC ex 8427 10 10, ex 8427 20 19, ex 8428 90 90, agus, i gcás codanna trealaimh rochtana shoghluaiste atá réamhchóimeáilte nó réidh le cóimeáil, faoi 8431 20 00 agus ex 8431 39 00 (cóid TARIC: 8427 10 10 10, 8427 20 19 10, 8428 90 90 20, 8431 20 00 60 agus 8431 39 00 10), agus de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

2. Rachaidh an clárúchán in éag 9 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([5]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CEIO (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).